**Faisnéis faoin mbeart leantach a rinneadh maidir leis an ngearán a cláraíodh faoin uimhir thagartha CHAP(2015)1071**

Tá líon nach beag gearán faighte ag an gCoimisiún á mhaíomh go bhféadfadh sé nach bhfuil dálaí oibre breithiúna oinigh san Iodáil, lena n-áirítear ionchúisitheoirí tánaisteacha oinigh, ag teacht le forálacha áirithe de dhlí saothair an Aontais Eorpaigh.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2015)1071.

Ós rud é go bhfuil líon mór gearán faighte ag an gCoimisiún maidir leis an ábhar sin, agus ag cur san áireamh go bhféadfadh baint a bheith ag an tsaincheist a ardaíodh le leas an phobail i gcoitinne, agus d'fhonn freagairt thapa a thabhairt do na daoine sin lena mbaineann agus iad a chur ar an eolas, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún an comhfhreagras uile leis na gearánaigh a fhoilsiú ar an leathanach ábhartha den suíomh gréasáin Europa. Ar bhonn na ngearán sin, tá imscrúdú tionscanta ag an gCoimisiún i dtaca le comhréireacht dhlí na hIodáile le forálacha na Treorach maidir le hEagrú Ama Oibre agus na Treorach maidir le hObair Téarma Shocraithe. Ba mhaith linn na gearánaigh agus na páirtithe leasmhara sa phobal a chur ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí sa chás.

Sa bhreithiúnas i gcás C-658/18 UX[1], cás a tháinig as tarchur chun réamhrialú a rinne Giudice di Pace di Bologna (an Iodáil), dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go measfar gur “oibrithe” iad breithiúna/giúistísí oinigh [*giudici di pace*] chun críoch dhlí saothair an Aontais Eorpaigh. Tá anailís á déanamh ag an gCoimisiún ar an mbreithiúnas i gcás UX agus ar a ábharthacht maidir le catagóirí eile breithiúnachta oinigh [*magistratura onoraria*] i gcóras dlí na hIodáile.

Is ar an suíomh gréasáin seo a choinneoidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas faoi na bearta leantacha a dhéanfar i leith a ngearán.

[1] CJEU, C-658/18, *UX v Governo della Repubblica italiana*, ECLI:EU:C:2020:572.